Tuilleaḋ Talaiṁ a Ḃít do Ḟoraoiseaċt

Níl aon ṁéadú ar an méid oibriṫe

Is trua go gcaiṫfiḋ Ranna Rialtais a ḃeiṫ ċom mall ag taḃairt tuarascáil ar a gcuid oibre.

An tseaċtain seo caite a fuaireamar (ar luaċ 3s.) tuarascáil an Áire Tailte, ar fó-roinn na foraoiseaċta, fá ċoinniḃ na bliana a ċríoċnaiġ ar an 31ú Márta, 1963. Sin, dá ḃliain go leiṫ as dáta. Má ṫig le gnáṫ cuideaċtan tráċtála, tuarascáil ar a gcuid oibre a ṡoláṫar taoḃ istiġ de trí nó ceiṫre mí ó ċríoċ na bliana, cinnte, ba ċóir go dtiocfaḋ le Ranna Rialtais an rud céanna a ḋéanaṁ. Tá suim ag an pobal go léir insan foraoiseaċt anois. Cad ċuige naċ mbeaḋ nuair is leo féin é. Aċ, is deacair freastal ar an suim sin, le foilseaċáin atá dá ḃliain agus breis, as dáta, sula dtig siad amaċ. Mar sin féin, tá eolas suimiúl go maiṫ insan tuarascáil seo. Eolas a ḃeaḋ i ḃfad níos suimiúla dá mbeaḋ sé suas ċun dáta, agus a' cur síos ar an mbliain deireannaċ de obair Roinn na Foraoiseaċta.

Sé an ċéad rud atá le taḃairt fé dear ón tuarascáil, ná go ḃfuiltear ag déanaṁ moille ⁊ aillí ag glacaḋ talaṁ fá ċoinniḃ na Ranna. Sa ḃliain i gceist, plándálaċ 24,708 acraí, le crainnte, aċ níor ceannaíoḋ agus níor ġlac an Stáit ar láṁ aċ 23,446.

Ba ċeart go mbeiṫfí ábálta i ḃfad níos mó ná sin do talaṁ foraoiseaċta a ḟáil, agus mar adúramar go mion agus go minic a roiṁe, is ar mód oibre na Roinne, atá an loċt. Níl aon ċiall ins na saolta seo, do Oifigiġ na Roinne, nó údaráisí na Roinne, a ḃeiṫ 'na suí ṫuas i mḂaile Áṫa Cliaṫ, ag fanaċt ansin go dtí go dtairgíonn daoine áiriṫe talaṁ díoḃa.

Má tá foraoiseaċt le cur ċun cinn, caiṫfiḋ an Roinn Oifigiġ Caidriṁ Poiblí a ḟostú, a raċas ṫart agus a labarṫas leis na daoine ⁊ a lorgós an talaṁ agus an saġas talún atá uaṫa. Go dtí sin, ní ḃeiḋ an Roinn ag glacaḋ talaṁ ar láiṁ gasta go leor le cinntiú go mbeiḋ neart talaṁ ann fá ċoinniḃ plandála.

Is comarṫa é don dóiġ atá an foraoiseaċt ag dul ċun cinn gur díolaḋ 6.8 milliún troiġ ciúbaċ de aḋmad, sa ḃliain i gceist. San am ċéanna ,is iontaċ naċ mbeaḋ árdú ar an luaċ. Ní raiḃ de ioncum ag an Rannóg, de réir na ḃfigiúirí, aċ £563,678.

Ní miste a ḃeiṫ ag pleanáil leis an foraoiseaċt a leaṫnú i ḃfad níos mó anois, os urd é go mbeiḋ sé beagnaċ ag íoc as féin, taoḃ istiġ do roinnt blianta.

Ní raiḃ méadú ar biṫ ins na figiúirí oibreaċais, ón ḃliain roiṁe sin. ag £4,803, agus ba ċóir go mbeaḋ móadú ann. De réir ċosúlaċt, sé ceannaċ talaṁ an cuṁanglaċ, atá ag cur cúl ar an obair, agus ní miste bealaċ amaċ as a ḟáil.

De ṫairḃe na Gaeltaċta de, is áḃar suime é go ḃfuarṫas 2,685 acraí i nDún na nGall; 1,436 i gCiarraí; 1,100 i nGaillim agus 762 i Muiġeo. Corcaí an condae ab' ḟearr, áit a ḃfuarṫas 4,342, agus Cill Manntáin, an triú ceann, le 1,938.

Tá cosúlaċt air go ḃfuil cuid den dearcaḋ i Rannóg na Foraoiseaċta go fóill, gur fearr leanúint ag obair ins na h-áiteaċa coṁgaraċ do Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus Corcaí. Is cinnte go ḃfuil talaṁ foirstineaċ i gceart i nGaillim agus i Muiġeo, agus cad ċuige gur ṫárla sé naċ raiḃ aċ 762 acraí i Muiġeo. 65,087 acraí atá ar láṁa ag an Rannóg fá ċoinniḃ plandála insan am i láṫair.

Sa ḃliain 1962-63, plandálaḋ 2,387 acraí i nDún na nGall; 2,285 acraí i nGaillim; 1,307 acraí i Muiġeo agus 1,154 acraí i gCiarraí. Tá sé sin go réasúnta sásúil. Díolaḋ 40,776 crainn Nollag, ó Rannóg na Foraoiseaċta insan ḃliain reaṫa.

Ag an am a ba lú a raiḃ oibriṫe ann, sa ḃliain reaṫa, ḃí 3,891 agus ag an am ba ṁó, ḃí 5,168. An mean uiṁir a ḃí ag obair ar feaḋ na bliana ná 4,663.

Is boċt easbaíoċ an giota atá ann faoi caidreaṁ poiblí, propa-ganda, agus mar sin. Níl tagairt dá laġad ann go ḃfuil smaoineaṁ ar biṫ ar Oifigií Caidriṁ Poiblí a ċeapaḋ, a ġlacaḋ as láiṁ propaganda a ḋéanaṁ fá ċoinniḃ talaṁ a ṫairiscint nó a díol, leis an Rannóg Foraoiseaċta.

Tionscal Iascaireaċta Praifideaċ

Tá I. P. Thompson ón Dainṁairg ag déanaṁ go maiṫ ar a gcuid gnóṫaí iascaireaċta agus tionscal iascaireaċta in Éirinn.

Tá an ṁonarca ṁion-éisc a ṫóg sé ar léas ó Ḃord Iascaiġ Ṁara, ins na Cealla Ḃeaga, ag déanaṁ praifid le cúpla bliain anuas, agus tá an ceaṫrú cuid den méid éisc cuirtear i dtír ins na Cealla Ḃeaga ag dul fríd an ṁonarca ṁion-éisc ansin anois.

Tá feilmeaċa bric agus minc aige in Uiḃ Ráṫaċ, agus téann 15 tonnaí de mion-éisc ins na feilmeaċa sin gaċ uile lá.

San am i láṫair, tá 8 milliún bric, ins na linnte. ar Aḃainn Comaraċ, agus timpeall 12,000 minc ar an feilm in aice leis.

Tá na stórais roite, ag Rinn Árd, inann 1.000 tonna éisc a láiṁseáil.

An ḃliain seo ċugainn, nuair a ḃéas paidiú déanta ar ċéiḋ Rinn Árd, tá Rainbó Teo. comluċt le I. P. Thompson, ċun dá tráiléir ṁór, 100 troiġ ar fad. a ċur in úsáid fá ċoinniḃ iascaireaċta doiṁin - farraige. Ḃeiḋ beirt Danair agus ceaṫrar Éireannaċ mar criú ar gaċ báḋ, agus cosnaíonn siad timpeall £100,000 an ceann.

Deir an tUasal Schmidt, bainisteoir Éireannaċ na comluċta, go ḃfuil siad a' braṫ 12 tráiléirí a ċeannaċt fá ċoinniḃ iascaireaċt cósta, ċoṁ maiṫ. Ḃí an tUasal Hans Schmidt, ċun cuairt de ṫaḃairt ar an India agus an Pacistán fá ċoinniḃ margaiṫe do na bric rainbó. aċ aṁáin gur tosaiġ an cogaḋ idir Pacistán agus an India.

Sé an stiúrṫóir bainistí é do Rainbó Teo., Caṫair Saiḃín.

Oileán Séanṁar

A. Ó M. do scríoḃ

Is i nGaeltaċt Tír Ċonaill atá na tiṫe cónaiṫe tuaiṫe is deise i nÉirinn, agus tá tiṫe Árann Móire ar na tiṫe si deise i dTír Ċonaill. Is aoiḃinn an raḃarc é ar an oileán na malaċa cnoc breac le tiṫe dea-ḋéanta, iolḋaiṫe. Aċ tá rud aṁáin i n-easnaṁ ar furṁór mór de ṫiṫe an oileáin — agus ar ṫiṫe na Gaeltaċta i gcoitinne. Rud a ċuirfeaḋ go r-iontaċ le pioctúraċt an raḃairc. Is é sin gairdín bláṫanna ag gaċ aon teaċ. Níl aċ fíor-ḃeagán gairdíní bláṫanna ar an oileán, aċ na cinn atá ann is iad atá go r-álainn spiaca.

Tá bláṫanna léana, agus bláṫanna a dtugtar "bláṫanna gairdín" orṫa, ċoṁ bord, torṫúil ar an oileán agus ċonaic mé ariaṁ i n-aon ḃall dár dtír. Níl mórán eolais agam féin ar ḃláṫanna, aċ le cuidiú ón ḃeirt a ḃí i n-aonaċt liom ṫáiniġ linn ainmneaċa a ċur ar ṫuairim is leaṫ ċéad cineál, ⁊ ḃí cineál eile ann naċ raḃ a n-ainmneaċa againn. Cuid aca sin naċ ḃfacamar ariaṁ roiṁe sin. Ḃláṫ aṁáin naċ ḃfacamar is eaḋ an aiteann Gaelaċ, an tor álainn, órga sin atá ċoṁ fairsing ar fud na tíre móire. Aċ b'ḟéidir naċ fearr ariaṁ é gan í a ḃeiṫ ann, mar is mó a h-áilleaċt na h-aisiúlaċt. Ní raḃ faill againn mórán de ḃláṫanna an ṗortaiġ a lorg, aċ más fíor é gur bláṫ sonais é an fraoċ bán tá sonas mór i ndán do ṁuintir Árann Móire (mur dtáiniġ sé go nuige seo) mar tá an fraoċ bán fairsing go maiṫ ar na cnoic. Tá páirceanna an oileán iontaċ saiḋḃir le seamar bó — agus a rian sin ar na ba.

An ḃfuil aon duine ar Árann Ṁóir a ċuireas suim fá leiṫ i mbláṫanna agus a ḋéanfaḋ ainm-neaċa na mbláṫanna a ríoṁaḋ? Creidim féin go ḃfuil saiḋḃreas iontaċ de ḃláṫanna dúċasaċa ar an oileán.

Duḃraḋ linn naċ mbíonn ró-ḟuaċt, nó sioc nó sneaċta ar an oileán a ċoíċe, agus go mbíonn préataí luaṫa agus glasraí ar fáil ċoṁ luaṫ céana agus bíonn siad ar fáil i Rois Eo i ḃFine Gall, mar sin. dob' féidir Rois Eo eile a ḋéanaṁ de Árainn Ṁóir. Níl na cnoic glasa uiliġ i ḃfad ó ḃaile.

Tá Ára Ṁór coṁair lom ó ċrainn. Duḃraḋ linn naċ ḃfásfaidís ar an oileán, aċ tá tuim agus toir éagsúla ag fás go maiṫ agus buḋ ṁaiṫ an foscaḋ iad do ċrainn óga. Is cosúil naċ ḃfásfaḋ líne de ċrainn óga ar mullaċ cnoic atá riġte le gaoiṫ gairḃ, aċ d'ḟásfaḋ moṫair crann mar atá siad ag fás ins na coillte nua ar ḃarr sléiḃte ar fud na tíre. Crainn síorġlasa, na giúsa agus na péiní, na crainn is fearr le foscaḋ gaoiṫe a ḋéanaṁ agus fásann siad sin níos fearr agus níos tapaiṫe i nÉirinn na mar ḟásann siad i n-aon tír eile san doṁan. Tá crainn coillte ⁊ crainn torṫa le fáil ón Roinn Tailte agus ṫig le tiġeasaċ ar biṫ crainn foscaiḋ a ċur ṫart fá n-a teaċ ar ċostas an -íseal ar fad. Dá gcuirfeaḋ gaċ tiġeasaċ crainn ṫart fá n-a teaċ ní aṁáin go gcuirfí le h-áilleaċt an oileáin aċ ḋéanfaḋ na crainn aeráid an oileáin níos cineálta, níos teo agus níos tirme.

Tá árd-ṁeas ag muintir Árann Móire ar an Aṫar Mac Duiḃir de ṫairḃe na mór - oibre atá ġá ḋéanaṁ aige i nGleann Ċolmcille. Ní móide go mbíonn an tAṫair Mac Duiḃir féin ag obair le spad nó le speal, aċ spreag sé a ṗobal leis an obair a ḋéanaṁ. Ṁúscail sé a mbród agus a misneaċ ionnta. Naċ ḃfuil duine nó daoine ar Árainn Ṁóir le pobal an oileáin a taḃairt le céile agus lorg ṗobail Gleann Colmcille a leanúint? An ḃfuil craoḃ de Ṁuintir na Gaeltaċta ar an oileán? Mura ḃfuil buḋ ċóir craoḃ a ċur ar bun. Dream einteaċt a ḃeaḋ i n-ann labairt go h-údarasaċ ṫar ċeann an ṗobail, agus ḋul i gcoṁairle le Roinn na Gaeltaċta i dtaoḃ tiṫe gloine, planndáil crann, uisce píopaí ó oċt loċa an oileáin, ċéardscoile. ⁊rl. Tá solus aiḃleise ar an oileán ċeanaféin.

Os rud é go ḃfásann préataí luaṫa ar an oileán fásfaiḋ gaċ aon tsórt eile glasraí air, agus is rí-ċosúil go gceannóḋ Coṁar Ċumann an Eargail, nó an Comluċt Siúicre gaċ aon tairgeaḋ talaiṁ is féidir le muintir an oileáin a ṡaoṫrú, go h-áiṫrid glasraí. Tá an-éileaṁ ar fad ar ġlasraí tiorṫa ins na bailte móra i nÉirinn agus ṫar lear, agus d'réir mar ċonnaic mé, agus mar hinnsíoḋ dom, dob' ḟéidir garraí margaiḋ a ḋéanaṁ de Árainn Ṁóir. Ins na Sé Condaeṫa is Fiċe aṁáin caiṫimid na milliúin púnt gaċ bliain ar ṫóṁaltais allṁaraiṫe, agus is do ṫíorṫa — agus do oileáin —naċ labartar Ḃéarla ionnta a ḃeirimíd an t-airgead sin. Ceannuimíd níos mó earraí ó Ṡasain na mar ċeannuíonn aon tír eile, aċ ceannuiann Sasain níos mó tóṁaltas (bia) ón Danmairg féin aṁáin — Tír gan Ḃéarla, na mar a ċeannuiann sí ón tír seo. Naċ ait an scéal é go dtig le daoine gan Ḃéarla im agus caise, agus uiḃeaċa, agus muicḟeoil agus mairtḟeoil agus glasraí a ṫairgeaḋ agus a díol leis na Sasanaiġ agus sinne a ḃfuil Ḃéarla galanta againn, a ḃrú amaċ as an margaḋ?

I dtaca leis an Gaeilg de, d'réir mar a ċuala mé tá Gaeilg ag gaċ aon duine de ḃunaḋ an oileáin. Ní raḃ mé aċ Domnaċ aṁáin ar an oileáin. Ag dul ċun Aifrinn dom ṡiúl mé go mall sa dóiġ go raċaḋ na baiclí daoine ṫarm, agus ċuir mé cluas le h-eisteaċt orm, agus ċonnactas dom gur Gaeilg ar fad a ḃí ġá labairt ag sean agus óg. Is fíor go gcuala mé Ḃéarla ag corrscaifte indiaiḋ teaċt as an teaċ ṗobail dúin, aċ is cosúil go raḃ cuairteoirí ins na scaifti sin. Ḃí scolairí Coláiste Cróna uiliġ ar siúl aḃaile an Domnaċ sin. Is gnás le muintir an oileáin a ḃeannú do strainséirí i mḂéarla, aċ is maiṫ leo coṁrá a ḋéanaṁ le strainséirí i nGaeilg.

Ċuaiġ muid ċuig an dara Aifreann. Léiġeaḋ an ċéad Aifreann i nGaeilg aċ is i mḂéarla a ḃí an tseanmóin. Ag an dara Aifreann Ḃéarla ar fad, aċ ba sagart óg as America a léiġ an tAifreann, agus ṫug sé a ḃeannaċt go pearsanta do gaċ duine san teaċ ṗobail. D'ḟreagair an pobal go maiṫ, árd i mḂéarla, aċ duḃraḋ liom go ḃfreagruiann siad ċoṁ maiṫ árd i nGaeilg. Níl a ḟios agam ciaca Gaeilg nó Ḃéarla is mó a úsáidtear ar feaḋ na bliana. Is cosúil go ḃfuil an duilleóg Ḃéarla ag gaċ duine, ⁊ is féidir go ḃfuil an leagan Gaeilge aca fosta. Ceist ar léiṫeoir a ḃfuil an t-eolas aige. An leaḃair urnaiṫe Ḃéarla nó Gaeilge is mó a bíos ag daoine ins na Gaeltaċtaí?

Ní raḃ faill agam a ḃeiṫ ag cainnt le h-aon tseancaí agus scéalta fiannuiaċta a ċluinsint, aċ ċuala mé finnscéal nua. Ar nós na ndaoine i ngaċ aon Ġaeltaċt téann na fir óga go Sasain agus go hAlban aḋ iarraiḋ oibre, agus téann na cailíní óga — agus páistí — go hAlbain mar "tócairí préataí". obair an-ṁaslaċ. Duḃraḋ liom, lom dáiríre, go dtig le fir an oileán seaċtó, nóċa agus céad punt sa tseaċtain a ṡaoṫrú i Sasain. Dúirt mise nar ċreid mé go raḃ aon ḟear oibre i n-aon tír san doṁan ag fáil os cionn cúig míle, nó ceiṫre míle, nó trí ṁíle punt sa ḃliain. Ṁíniġ fear eile dom go dtig le fear páiġ an-árd — aċ i ḃfad ó na mílte punt —a ṡaoṫrú oibre contúrtaí, gur Éireannaiġ (boċta) is mó a ġniann an obair sin. aċ naċ dtig le duine í a ṡeasaṁ i ḃfad. Agus mé ġá scríoḃaḋ seo ċuala mé ar an Radio gur marḃaḋ beirt as Gaeltaċt na Rosann i Sasain.

Dá mbeaḋ — nó nuair a ḃéas —Ára Ṁór i n-a ġarraí mór margaiḋ, agus crainn ag fás go tiuḃ ar na cnoic, agus gaċ sórt oibre talaiṁ fé lán tseol beiḋ ar ċuid de na daoine óga an t-oileán a ḟágáil agus a ḋul 'na tíre móire le n-a sliḃeaṫa a ḃaint amaċ, agus sa dóiġ go mbeiḋ siad i n-ann dul le céarda — i n-ionad ḃeiṫ ag déanaṁ oibre maslaí — buḋ ċóir go mbeaḋ gairmoideaċas ar fáil aca, cúrsaí maiṫe, iomlána mar atá le fáil ins na bailte móra, agus beiḋ gá le ceardoiċeas aca sin a ḟanfas ar an oileán ag obair ar an talaṁ mar is sainċeárda iad feirmeoireaċt agus gairneoireaċt san tsaol atá anois ann. Ins an Olainn. tír atá i n-a h-oll ġarraí margaiḋ, tá an oiread céana daoine ag obair ins na monarċain tíorṫa agus pacála tairgeaḋ talaiṁ, bláṫanna, bléibíní tulip, toṁfataí, piseanna, etc., agus atá ag obair ar an talaṁ. Talaṁ gainmeaċ atá san Olainn, agus ceannuiann na h-Ollanaiġ an-ċuid caonaċ móna ón tír seo ċun talaṁ maiṫ beaṫa a ḋéanaṁ den gaineaṁ. Tá gaineaṁ agus móin agus cré ar Árainn Móir — agus bairriaċt luaċra. Ní leisc leis na feirmeoirí is saiḋḃre san tír caḃair airgid a iarraiḋ ar an Roinn Tailte le píopaí dréanála a ċur síos i n-a riasca, agus tá an ċaḃair sin ar fáil ag muintir an oileáin.

Ċonnaic mé colúir ar an oileán. Ní dóiġ liom go ḃfuil mórán aca ann go fóill, buḋ ṁaiṫ an rud é iad a ḋíoṫú sul ma éiríonn siad líonṁar na díoṫóid siad cabaiste an oileáin. Ḋíoṫuiġ Colmcille sé acraí de ċabaiste i bpáirc i n-aice linn, agus na céadta dos orainn féin.

Le cuidiú an Rí raċaiḋmíd arais go hÁra Ṁór an ḃliain seo ċugainn, agus tá súil againn go ḃfeicfiḋmíd uainn ón ḃád an ġrian ag glioscarnaiġ ar na tiṫe gloine lán toṁfataí apaiḋ, agus na "daiċead gné de ġlas" ar na loiste deasa glasraí ar na malaċa. Is dóċa naċ ḃfeicfiḋmíd an ṁonarca tiorṫa agus pacála glasraí go ceann bliana eile. Tá súil againn go dtógfar foirgneaṁ deas monarċán, foirgneaṁ a ḃéas ag teaċt leis na tiṫe deasa, agus leis an ċéardscoil nua.

Is álainn an ball é Ára Ṁór do Ċoláiste Gaeilge, agus is iontaċ maiṫ an Ċoláiste i Coláiste Crómne. Ċonnaic muid scolairí an ċéad-ċúrsa ag dul na ḃaile agus iad uiliġ fá brón agus ag sileaḋ na ndeor géar mór, agus is mór an molaḋ é sin.

BAILE AN SCEILG

Tá Gaeltarra Eireann chun an scéim cniotála do leathnú go Baile an Sceilg. Thug Seán Ó Gallchóbhair, ionadaí Ghaeltarra Eireann, cuairt ar Uibh Ráthach, le déanaí le fiosrú a dhéanamh faoi an scéim a leathnú go dtí ceantair Gaeltachta in Uibh Ráthach. Tá ag súil le tosnú i gceantar Bhaile an Sceilg, ach bheadh 30 ban agus cailíní ag teastail, a bheadh sásta cniotáil a dhéanamh sa mbaile nuair a bheadh am le sparáil acu. Nuair a bhíonn an méid seo ar fáil, cuirfear cúrsa trí-seachtainí, le Teagascóir ón Bhord, agus íocfar an méid a bhíonn ag freastal ar an chúrsa. Cuirfear depot ar bun ansin i mBaile an Sceilg, agus gheobhaidh cniotálaithe ó £2-0-0 go dtí £2-10-0 fá choinnibh baill éadaí críochnaithe de réir méide. Cailíní go bhfuil suim acu insan obair, ba cheart díobha labhairt le Runaí Bantracht na Tuaithe, Baile an Sceilg.